**Trascheist mhór le haghaidh freagra i scríbhinn G-001002/2023**
**ar an gCoimisiún**
Riail 139
**Christine Anderson**, **Jaak Madison**
thar ceann Ghrúpa ID

Ábhar: An ghéarchéim imirce leanúnach

De réir tuairiscí ó na meáin, bhí oileán Lampedusa, ar tairseach í d'imircigh neamhdhleathacha chun na hEorpa, ar lánacmhainneacht i lár mhí Mheán Fómhair, tar éis do níos mó ná 5 000 imirceach neamhdhleathach teacht chuig an oileán (amhail ón 12 Meán Fómhair 2023)[1]. Ón 26 go dtí an 28 Meán Fómhair, bhí toscaireacht ón nGrúpa ID i ndeisceart na hIodáile agus thug sí cuairt ar Lampedusa an 27 Meán Fómhair 2023. Níor aimsíodh aon iarrthóirí tearmainn san ionad tearmainn ós rud é gur aslonnaíodh go hiomlán é go gairid roimh an gcuairt. Nuair a d'fhág an toscaireacht an lá dár gcionn, líomhnaítear go ndearna 5 000 imirceach neamhdhleathach eile ó chósta na hAfraice Thuaidh a mbealach go Lampedusa.

1. Cé mhéad imirceach a tháinig go Lampedusa i mbliana? An bhféadfadh an Coimisiún na huimhreacha sin a mhiondealú de réir stádas mar mhionaoiseach nó mar dhuine fásta agus náisiúntachta?

2. Cé mhéad imirceach a tháinig go Lampedusa in aghaidh na seachtaine i mbliana? An bhféadfadh an Coimisiún líon na n-imirceach a tháinig isteach in aghaidh na seachtaine féilire a mhiondealú?

3. Céard iad na bearta sonracha atá i gceist ag an gCoimisiún a ghlacadh chun an brú imirce ar oileán Lampedusa, agus ar an Aontas ina iomláine, a laghdú?

4. Cá mhéad a bhéifí in ann, agus cá mhéad is féidir cheana féin faoin gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair, gan imircigh a thabhairt chuig oileáin de chuid na mBallstát amhail Lampedusa, ach iad a thabhairt chuig ionaid chóiríochta ar snámh sa Mheánmhuir, áit a rachadh siad trí nós imeachta tearmainn sula gceadófaí dóibh dul isteach i gcríoch an Aontais?

5. Cad iad na hathruithe ar an gcreat dlíthiúil a bheadh riachtanach chun glacadh le himircigh in ionaid chóiríochta ar snámh chun go bpróiseálfaí a n-iarrataí ar thearmann sula bhfaigheadh siad cead dul isteach i gcríoch an Aontais?

6. An bhfuil an Coimisiún ar an eolas gur dhiúltaigh roinnt Ballstát iarratais ar thearmann a rinne an sceimhlitheoir Ioslamach, Abdesalem Lassoued, a dhúnmharaigh beirt náisiúnach Shualannacha sa Bhruiséil, ar náisiúnach de chuid na Túinéise é a tháinig chun an Aontais go neamhdhleathach trí Lampedusa? An aontódh sé nach mbeadh an duine sin in ann teacht isteach san Aontas riamh dá n-úsáidfeadh sé ionaid ar snámh chun iarratais ar thearmann a phróiseáil?

Curtha síos:19.12.2023

[1] https://www.tagesschau.de/ausland/europa/italien-lampedusa-fluechtlinge-notstand-100.html.